Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8071/26**

**CLIMA 181**
**ENV 329**
**ENER 170**
**TRANS 209**
**IND 235**
**COMPET 410**
**MI 322**
**ECOFIN 437**
**DELACT 67**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 2119 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 8.4.2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 2119 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 2119 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.4.2026
C(2026) 2119 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.4.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) i gcroílár bheartas aeráide an Aontais. Is í an phríomhuirlis í chun cuspóir an bheartais sin a bhaint amach, is é sin astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú ar bhealach costéifeachtach. In 2023, leasaíodh Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an Treoir maidir le Córas Trádála Astaíochtaí) le Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], lena dtugtar isteach faoi Chaibidil IVa nua de Threoir 2003/87/CE córas trádála astaíochtaí ar leithligh le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise.

Leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún[3] rialacha sonracha maidir leis an gceantáil lamháltas a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. Chun tús rianúil a áirithiú don chóras mar aon le forbairt chobhsaí praghsanna, ba cheart an Rialachán seo a leasú chun ceantáil luath le haghaidh lamháltas a cheadú, agus chun na rioscaí féideartha a laghdú maidir le cealuithe ceantanna nó praghsanna imréitigh ceantála neamhionadaíocha de dheasca rósholáthar i gcomparáid le leibhéal an éilimh ó eintitis rialáilte. Ba cheart dea-riarachán ceantanna a áirithiú leis an gcur chuige sin. Ba cheart é sin a bhaint amach trí líon na lamháltas a sholáthraítear don mhargadh trí cheantáil a ailíniú leis an uainiú a bhaineann leis na Ballstáit an oibleagáid atá ar eintitis rialáilte lamháltais a thabhairt suas a thrasuí sa dlí náisiúnta.

Thairis sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún a athrú chun solúbthacht bhreise a sholáthar maidir le lamháltais a fháil d’oibreoirí CTA, trí chead a thabhairt d’oibreoirí CTA tairiscint a dhéanamh thar ceann oibreoirí eile freisin. Dá bhrí sin, ní bheadh ar na hoibreoirí sin dul i muinín idirghabhálaithe airgeadais le haghaidh na n-oibríochtaí sin. Beidh an tsolúbthacht sin tábhachtach d’eintitis rialáilte faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, ar fiontair bheaga agus mheánmhéide iad sciar mór díobh.

Thairis sin, ba cheart na rialacha maidir le ceapadh ceantálaithe a choigeartú chun a shoiléiriú gur féidir níos mó ná ceantálaí amháin a cheapadh agus gur féidir féilirí ceantanna a choigeartú i gcás ina mbíonn tionchar ag athruithe ar na méideanna a shanntar do cheantálaithe aonair ar na féilirí ceantanna.

Leagtar síos le Treoir 2003/87/CE go gcumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil. Úsáidfear an fhéidearthacht sin chun na rialacha maidir le ceantáil atá ann faoi láthair le haghaidh lamháltas faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE a thabhairt cothrom le dáta agus chun na ceanglais nós imeachta a shimpliú do dhaoine a dhéanann tairiscint thar ceann daoine eile.

---

[1] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Choimisiún agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[2] Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134).

[3] IO L, 2023/2830, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2830/oj.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle lena Ghrúpa Saineolaithe um an mBeartas don Athrú Aeráide maidir leis an dréachtrialachán tarmligthe lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún i ndáil le rialacha maidir le ceantáil an 12 Samhain 2025.

Na doiciméid le haghaidh na gcruinnithe leis an nGrúpa Saineolaithe um an mBeartas don Athrú Aeráide, seoladh iad chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle freisin, i gcomhréir leis an gComhthuiscint maidir le Gníomhartha Tarmligthe atá i gceangal leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[4]. Na barúlacha a rinne an Grúpa Saineolaithe um an mBeartas don Athrú Aeráide, cuireadh san áireamh iad agus an dréachtrialachán tarmligthe lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/2830 á ullmhú.

Foilsíodh an dréachtrialachán tarmligthe ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine ón 8 Nollaig 2025 go dtí an 5 Eanáir 2026. Fuarthas aiseolas ó 33 eagraíocht. Phléigh an Coimisiún na cásanna aiseolais lena Ghrúpa Saineolaithe um an mBeartas don Athrú Aeráide an 22 Eanáir 2026.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is iad seo a leanas na príomhleasuithe:

(1) athruithe ar an tús a mheastar a chuirfear le ceantáil lamháltas a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, chun tús a chur le ceantanna le haghaidh na lamháltas sin in 2027;

(2) athruithe chun dea-riarachán ceantanna a áirithiú trí líon na lamháltas atá le ceantáil thar ceann na mBallstát a chothromú le leibhéal an éilimh ó eintitis rialáilte, agus an t-uainiú a bhaineann leis na Ballstáit an oibleagáid faoi Airteagal 30e(2) de Threoir 2003/87/CE a thrasuí sa dlí náisiúnta, ar oibleagáid í chun lamháltais a thabhairt suas, á chur san áireamh mar aon leis na rialacha maidir le pionóis i leith astaíochtaí iomarcacha a leagtar amach in Airteagail 16(1) go 16(4) le haghaidh astaíochtaí fíoraithe a thuairiscítear faoi Chaibidil IVa den Treoir sin;

(3) athruithe a bhaineann le simpliú na gceanglas nós imeachta do dhaoine a dhéanann tairiscint thar ceann daoine eile;

(4) soiléirithe maidir leis an bhféidearthacht níos mó ná ceantálaí amháin a cheapadh.

[4] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 8.4.2026**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle[5], agus go háirithe Airteagal 10(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar foráil i gCaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE maidir le córas trádála astaíochtaí ar leithligh le haghaidh breoslaí a úsáidtear le haghaidh dócháin in earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise. Leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún[6] rialacha sonracha maidir leis an gceantáil lamháltas a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. Chun tús rianúil a áirithiú don chóras trádála astaíochtaí ar leithligh, ba cheart roinnt forálacha maidir le huainiú agus riar na gceantanna le haghaidh na lamháltas sin a leasú agus a shoiléiriú.

(2) Le tús a chur le ceantanna le haghaidh lamháltas a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, d’fhéadfadh sé go ndéanfaí níos mó ná ceant amháin le haghaidh lamháltas a reáchtáil ar lá ar leith. Cé go bhfuil sé tábhachtach a áirithiú nach reáchtálfar ceantanna arna n-eagrú ag an ardán ceantála coiteann agus ceantanna arna n-eagrú ag ardáin cheantála leithleacha an lá céanna, ba cheart é a bheith indéanta ceantanna le haghaidh lamháltas a chumhdaítear le Caibidlí II agus III de Threoir 2003/87/CE ar thaobh amháin, agus lamháltais a chumhdaítear le Caibidil IVa den Treoir sin ar an taobh eile, a reáchtáil an lá céanna.

(3) Beidh dea-fheidhmiú mhargadh na lamháltas a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE ag brath ar leachtacht leordhóthanach a áirithiú ag céim luath ionas go gcuirfear comhartha praghais soiléir intuartha ar fáil do rannpháirtithe sa mhargadh ón tús. Dá bhrí sin, ba cheart tús a chur le ceantáil le haghaidh lamháltas a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE ó 2027 ar aghaidh. Ba cheart an modh lena mbunaítear agus lena gcoigeartaítear cainníocht na lamháltas atá le cur ar

[5] IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

[6] Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí rialacha a leagan síos maidir le huainiú, riarachán agus gnéithe eile a bhaineann le ceantáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L, 2023/2830, 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2830/oj).

ceant le haghaidh an Chiste Aeráide Shóisialta a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise thús na ceantála luaithe agus na taithí a fuarthas agus forálacha an dara fomhír d'Airteagal 10(6) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 á gcur chun feidhme.

(4) Tá rannpháirtíocht tairgeoirí i gceantanna le haghaidh lamháltas a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE nasctha leis an leibhéal éilimh ó eintitis rialáilte maidir le lamháltais a thabhairt suas chun a n-oibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh. I gcás nach bhfuil dlíthe náisiúnta i bhfeidhm ag Ballstát go fóill maidir le lamháltais a thabhairt suas ag eintitis rialáilte faoi Airteagal 30e(2) de Threoir 2003/87/CE agus maidir le pionóis i leith astaíochtaí iomarcacha faoi Airteagal 16(1) go (4) den Treoir sin le haghaidh astaíochtaí a thuairiscítear faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, d'fhéadfadh cealuithe ceantanna nó praghas imréitigh ceantála neamhionadaíoch a bheith mar thoradh air sin mar gheall ar rósholáthar lamháltas agus easpa rannpháirtíochta tairgeoirí. Chun dea-riarachán ceantanna a áirithiú i gcásanna den sórt sin, ba cheart ailíniú a dhéanamh ar an líon lamháltas atá le ceantáil thar ceann na mBallstát agus ar an uainiú chun dlí náisiúnta na mBallstát a dhéanamh den oibleagáid maidir le lamháltais a thabhairt suas le haghaidh astaíochtaí a thuairiscítear faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar a mhéid a cuireadh na ceanglais maidir le tabhairt suas i bhfeidhm freisin.

(5) Chun ceanglais nós imeachta a shimpliú do dhaoine a dhéanann tairiscint thar ceann daoine eile agus chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na rialacha leasaithe maidir le díolúintí i dTreoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] le haghaidh daoine a sholáthraíonn, mar ghníomhaíocht choimhdeach, seirbhísí infheistíochta do chliaint nó do sholáthróirí a bpríomhghnó, is iomchuí deireadh a chur leis an gceanglas údarú a fháil ó údaráis náisiúnta inniúla do dhaoine atá in ann tairiscint a dhéanamh thar ceann daoine eile faoi chreat CTA AE.

(6) Ba cheart do gach Ballstát aon cheantálaí amháin ar laghad a cheapadh, a bheidh freagrach as lamháltais a cheantáil thar ceann an Bhallstáit ceapacháin. Ba cheart é a bheith indéanta ag níos mó ná Ballstát amháin an ceantálaí céanna a cheapadh. Ba cheart don cheantálaí/na ceantálaithe a bheith freagrach as na lamháltais a cheantáil ar an ardán ceantála agus as fáltais an cheant a fháil agus a eisíoc.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 a leasú dá réir.

(8) Foráiltear le hAirteagal 13 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 go bhfoilseoidh an t-ardán ceantála coiteann féilire ceantanna 2027 le haghaidh na lamháltas a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE faoin 31 Iúil 2026 nó a luaithe is indéanta ina dhiaidh sin, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm go práinneach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2830 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

[7] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE, IO L 173, 12.6.2014, lch. 349.

(a) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír:

'i gcás ina ndéanann an t-ardán ceantála coiteann ceantanna na lamháltas dá dtagraítear in Airteagail 10 agus 11 ar 1 lá amháin nó 2 lá in aghaidh na seachtaine, ní stiúrfaidh aon ardán ceantála leithleach ceant ar na laethanta sin.

I gcás ina ndéanann an t-ardán ceantála coiteann ceantanna na lamháltas dá dtagraítear in Airteagail 10 agus 11 ar níos mó ná 2 lá in aghaidh na seachtaine, roghnóidh sé 2 lá nach féidir aon cheant leithleach a bheith ar siúl lena linn. Foilseoidh sé na laethanta sin tráth nach déanaí ná an tráth a fhoilsítear féilire na gceantanna dá dtagraítear in Airteagal 12(2).'

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. I bprionsabal, dáilfear go cothrom méid na lamháltas dá dtagraítear in Airteagail 10 agus 11 a bheidh le ceantáil ar ardán ceantála coiteann ar na ceantanna arna reáchtáil i mbliain féilire ar leith.

I bprionsabal, dáilfear go cothrom méid na lamháltas dá dtagraítear in Airteagal 13 a bheidh le ceantáil ar ardán ceantála coiteann ar na ceantanna arna reáchtáil i mbliain féilire ar leith.

De mhaolú ar an dara fomhír, dáilfear méid na lamháltas dá dtagraítear in Airteagal 13 a bheidh le ceantáil le haghaidh na chéad bhliana ceantála i gcomhréir le hAirteagal 30d(2) de Threoir 2003/87/CE, sa tréimhse ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2028.

I gcás nach féidir méid bliantúil lamháltas Ballstáit a dháileadh go cothrom ar na ceantanna i mbliain féilire ar leith i gcomhréir leis na rialacha maidir leis an tairiscint íosmhéide a leagtar amach in Airteagal 6(1), déanfaidh an t-ardán ceantála ábhartha an méid sin a dháileadh ar níos lú ceantanna, agus áiritheoidh sé go ndéanfar an méid a cheantáil, i bprionsabal, gach ráithe ar a laghad.';

(2) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

'1. Méid na lamháltas dá dtagraítear in Airteagal 30a de Threoir 2003/87/CE a bheidh le ceantáil d'aon bhliain féilire ar leith, beidh sé cothrom le méid na lamháltas a leagadh síos i gcomhréir le hAirteagail 30c agus 30d den Treoir sin.

2. Bunófar méid na lamháltas a bheidh le ceantáil ag gach Ballstát d'aon bhliain féilire ar leith ar mhéid na lamháltas a bhunaítear de bhun mhír 1 den Airteagal seo agus ar sciar lamháltas an Bhallstáit sin a chinnfear de bhun Airteagal 30d(5) de Threoir 2003/87/CE.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5 agus 6:

'5. Cuirfear méideanna ceantála bliantúla na lamháltas dá dtagraítear in Airteagal 30d(3) agus (4) de Threoir 2003/87/CE ar ceant mar aon leis na méideanna bliantúla lamháltas faoi seach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo. 450 000 000 lamháltas a bheidh i méid tosaigh na lamháltas a bheidh le ceantáil ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2028 de bhun Airteagal 30d(3) agus (4) de Threoir 2003/87/CE.

6. Is féidir coigeartú a dhéanamh ar mhéid bliantúil na lamháltas atá le ceantáil chun go sroichfear an t-ioncam dá dtagraítear in Airteagal 30d(4) de Threoir 2003/87/CE chun a áirithiú go gcomhlíonfar na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 30d den Treoir sin. Chun críocha an choigeartaithe sin, cuirfear san áireamh an t-ioncam a fuarthas cheana, an meánphraghas imréitigh ceantála do na 6 mhí féilire roimhe, agus cuirfear san áireamh an t-am a bheidh fágtha suas go dtí an 31 Nollaig 2032. Mar thoradh ar an gcoigeartú sin déanfar na féilirí ceantanna a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (p) den Rialachán seo.

Má shroichtear an t-ioncam ceantála dá dtagraítear in Airteagal 30d de Threoir 2003/87/CE roimh dháta an cheant deiridh atá sceidealaithe le haghaidh an Chiste Aeráide Shóisialta, cuirfear na ceantanna lamháltas atá le stiúradh ina dhiaidh sin le haghaidh an Chiste ar fionraí i gcomhréir leis na forálacha ábhartha le haghaidh ceantanna den sórt sin a chur ar fionraí, ar forálacha iad a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122. Déanfar na féilirí ceantanna ábhartha a choigeartú dá réir i gcomhréir le hAirteagal 14(1), pointe (e) den Rialachán seo.';

(c) cuirtear isteach mír 7:

'7. Ní chuirfear méid na lamháltas a bheidh le ceantáil thar ceann Ballstáit de bhun mhír 2 den Airteagal seo ar ceant go dtí go mbeidh reachtaíocht náisiúnta curtha chun feidhme ag an mBallstát sin maidir leis an oibleagáid atá ar eintitis rialáilte méid na lamháltas a leagtar amach in Airteagal 30e(2) de Threoir 2003/87/CE a thabhairt suas agus maidir leis na pionóis le haghaidh astaíochtaí iomarcacha faoi Airteagal 16(1) go (4) de Threoir 2003/87/CE le haghaidh astaíochtaí a thuairiscítear faoi Chaibidil IVa den Treoir sin.

A luaithe a bheidh an reachtaíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír curtha chun feidhme, cuirfear le féilirí na gceantanna méid na lamháltas dá dtagraítear sa chéad fhomhír a coinníodh siar ar feadh na tréimhse idir an bhliain óna mbeidh astaíochtaí faoi réir na reachtaíochta sin agus dáta chur i bhfeidhm na reachtaíochta sin.

I gcás ina gcuirtear méideanna na lamháltas dá dtagraítear sa dara fomhír ar ais leis na méideanna ceantála, dáilfear iad thar thréimhse atá coibhéiseach leis an tréimhse nár cuireadh na lamháltais sin ar ceant lena linn.';

(3) in Airteagal 14, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):

'(j) athruithe ar an gceantálaí (na ceantálaithe) arna cheapadh de bhun Airteagal 22(1) nó coinneáil siar lamháltas ó na ceantanna de bhun Airteagal 22(4);';

(b) cuirtear an pointe (q) seo a leanas isteach:

'(q) coigeartuithe ar mhéid na lamháltas de bhun Airteagal 13(7).';

(4) in Airteagal 18, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. De mhaolú ar mhír 1, beidh daoine a chumhdaítear leis an díolúine in Airteagal 2(1), pointe (j), de Threoir 2014/65/AE incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar ligean isteach chun tairiscint a dhéanamh trí fheidhm dhíreach sna ceantanna, bíodh sin ar a son féin nó thar ceann chliaint a bpríomhghnólachta.'

(5) in Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ceapfaidh gach Ballstát aon cheantálaí amháin ar a laghad. Ní chuirfidh aon Bhallstát lamháltais ar ceant gan ceantálaí a cheapadh. Féadfaidh níos mó ná Ballstát amháin an ceantálaí céanna a cheapadh.’.

(6) in Airteagal 50, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4, 5 agus 6:

‘4. Na húdaráis náisiúnta inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus Treoir (AE) 2015/849 ag na Ballstáit ina bhfuil na daoine dá dtagraítear i mír 1 bunaithe, beidh freagracht acu as faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha iompraíochta ag na daoine sin agus as iad a fhorfheidhmiú, ar rialacha iad a leagtar amach i míreanna 2 agus 3, lena n-áirítear aon ghearán a dhéantar mar gheall ar neamhchomhlíonadh na rialacha iompraíochta sin a láimhseáil.

5. Comhlíonfaidh na daoine dá dtagraítear i mír 1 na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh dea-cháil leordhóthanach orthu agus beidh taithí leordhóthanach acu chun a áirithiú go n-urramófar na rialacha iompraíochta dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3 go cuí;

(b) beidh na próisis agus na seiceálacha is gá curtha i bhfeidhm acu chun coinbhleachtaí leasa a bhainistiú agus chun freastal ar leasanna a gcliant;

(c) beidh ceanglais Threoir (AE) 2015/849 á gcomhlíonadh acu;

(d) aon bheart eile a mheastar a bheith riachtanach ag féachaint do chineál na seirbhísí tairisceana atáthar a thairiscint agus do leibhéal sofaisticiúlachta na gcliant atá i gceist i dtéarmaí a bpróifíle infheisteora nó trádála chomh maith le haon mheasúnú rioscabhunaithe ar an dóchúlacht go dtarlódh sciúradh airgid, maoiniú sceimhlitheoireachta nó gníomhaíocht choiriúil, beidh na bearta sin á gcomhlíonadh acu.

6. Údaráis náisiúnta inniúla an Bhallstáit ina bhfuil na daoine dá dtagraítear i mír 1 bunaithe, déanfaidh siad faireachán ar na coinníollacha a leagtar amach i mír 5 agus déanfaidh siad iad a fhorfheidhmiú. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) beidh cumhachtaí imscrúdaitheacha agus smachtbhannaí a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach ar fáil dá údaráis náisiúnta inniúla;

(b) bunófar sásra chun gearáin a láimhseáil agus chun é a chur ar a gcumas dá n-údaráis náisiúnta inniúla toirmeasc a chur ar na daoine dá dtagraítear i mír 1 tairiscint a dhéanamh thar ceann cliant i gcás ina bhfuil a n-oibleagáidí faoi mhíreanna 2, 3 agus 5 sáraithe go tromchúiseach agus go córasach ag na daoine sin.’

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8.4.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*